

An Dearbhú ó Iontaobhaí Carthanas a bheidh ag gabháil le hlarratas ar Chlárú faoi alt 39 den Acht Carthanas 2009

Treoracha: Iontráil ainm iomlán na heagraíochta ar an líne poncanna agus léigh agus sínigh an dearbhú. Ní mór do gach iontaobhaí carthanas foirm aonair a shíniú agus ní mór an fhoirm a scanadh agus í a uaslódáil mar chomhad pdf ansin in éineacht leis an iarratas ar líne.

Ainm na hEagraíochta, mar atá luaithe ina doiciméad rialaithe:

.....

Dearbhaím:

1. go bhfuil an t-iarratas seo ar chlárú á dhéanamh ag iontaobhaithe carthanas na heagraíochta thuasluaite de réir alt 39(3) den Acht Carthanas 2009;
2. go bhfuilim ar an eolas faoi na dualgais agus na freagrachtaí atá ar iontaobhaí carthanas faoin Acht Carthanas 2009 agus go ngabhaim orm féin na dualgais agus na freagrachtaí sin a chomhlíonadh agus gníomhú i gcomhréir le doiciméad rialaithe, beartais agus nósanna imeachta na heagraíochta thuasluaite;
3. go bhfuil cistí na heagraíochta thuasluaite nó, a luaithe a chláraítear mar charthanas í, go mbeidh cistí na heagraíochta thuasluaite á sealbhú i gcuntas ina hainm féin amháin;
4. gurb amhlaidh, i gcás go bhfuil, nó go mbeidh, obair le daoine soghonta – lena n-áirítear leanaí, daoine scothaosta agus daoine faoi mhíchumas – i gceist le gníomhaíochtaí na heagraíochta thuasluaite, gur chuir an eagraíocht thuasluaite na nósanna imeachta uile um measúnú riosca, na seiceálacha sábháilteachta uile agus na coimircí uile a cheanglaítear le dlí i bhfeidhm agus go leanann sí le iad a chur i bhfeidhm. Is deimhin liom go bhfuilim agus go bhfuil na hiontaobhaithe carthanas eile de chuid na heagraíochta thuasluaite incháilithe agus oiriúnach do ghníomhú mar iontaobhaithe carthanas de chuid na heagraíochta thuasluaite;
5. nach bhfuilim dícháilithe óna bheith i m'iontaobhaí carthanas faoi alt 55 den Acht Carthanas 2009. Má tharlaíonn sé go ndícháileofar mé sula ndéanfaidh an Rialálaí Carthanas cinneadh ar an iarratas ar chlárú, táim ar an eolas faoi na hiarmhairtí a bheidh aige sin don iarratas faoi alt 39(13) den Acht Carthanas 2009;
6. go dtuigim agus go gcomhaontaím go bhféadfaidh an Rialálaí Carthanas aon fhaisnéis phearsanta atá tugtha agam a úsáid chun críocha a fheidhmeanna faoin Acht Carthanas 2009 a chomhlíonadh agus de réir a Bheartais um Chosaint Sonraí. Glacaim leis, i gcás gurb ionann mo shonraí teagmhála agus mo sheoladh agus sonraí teagmhála agus seoladh na heagraíochta, go mbeidh siad sin le feiceáil ar an gClár Carthanas poiblí;
7. go ndearna mé breithniú ar an iarratas seo agus gur chomhaontaigh mé leis. Dearbhaím go bhfuil an fhaisnéis atá san iarratas seo fíor agus cruinn de réir mar is fearr is eol dom. Léigh mé agus tuigim alt 39(15) den Acht Carthanas 2009, ina luaitear:
“Aon duine, i gcomhlíonadh airbheartaithe an ailt seo, a thugann don Údarás go feasach nó go meargánta faisnéis nó sonra atá bréagach nó míthreorach i bponc ábhartha, nó a chreideann i ndáil le haon fhaisnéis nó sonra den sórt sin an tráth a thugann sé í nó é i gcomhlíonadh airbheartaithe an fho-ailt sin nach bhfuil sí nó sé fíor, beidh an duine sin ciontach i gcion”.

Síniú	Priontáil d'Ainm	Dáta